

LÉIM A' REITHE

Tá Léim a' Reithe ag an gceann thiar dtuaidh den oileán. Sé an áit is gairbhe den oileán uiliug é lá geimhridh. Sé an áit is airde a n-eireochaidh bruth é lá garbh. Sé an t-ughdar ar tugadh léim an reithe air bhí reithe i gCruach Caolann agus d'eirigh sé de léim agus tháinig sé i dtír annseo agus an leac a dtáinig sé anuas uirthé bhí sí sleamhain. Sgiorr sé agus tháinig a dhá ghlúin tosaigh faoi. Tá lorg a dhá ghlúin le feiceál sa leic go deo.